16 Nollaig 2009

Tá an Roinn ag eisiú leagan athbhreithnithe inniu den Imlitir a bhaineann le hiontrálacha iar-bhunscolaíochta a d'eisigh sí cheana ar 7 Meán Fómhair 2009. Glacann an t-athbhreithniú nua seo áit ar eisíodh ar 7 Meán Fómhair, 2009 go hiomlán.

Le cúrsaí tagartha a éascú, téann na hathbhreithnithe tábhachtacha i bhfeidhm ar an Fhoirm Aistrithe le haghaidh Aistriú 2010, mar atá iniata in Iarscríbhinn 3 den Imlitir athbhreithnithe. **Tá athbhreithniú déanta ar an Fhoirm Aistrithe nua i gcomparáid leis an leagan a eisíodh mar shampla léiritheach mar chuid d'Imlitir 7 Meán Fómhair 2009.** Sa chéad dul síos, tá athbhreithniú níos soiléire déanta ar an Fhoirm Aistrithe nua agus ar na hábhair a ghabhann léi le polasaí na Roinne ar chritéir iontrálacha acadúla a léiriú.

Tá athbhreithniú déanta fosta ionas nach gá do phríomhoidí bunscoile a síniú a chur ar an Fhoirm Aistrithe. Ciallaíonn sé seo nach n-iarrfar anois ar phríomhoidí bunscoile ar an Fhoirm Aistrithe éilimh tuismitheoirí ar Chlárú Teidlíocht Béilí Saora Scoile a dheimhniú óir beidh siad seo scríofa ar an Fhoirm Aistrithe. Ina ionad sin, is iad oifigigh na mBord Oideachais agus Leabharlann/ESA a dheimhneoidh na héilimh seo de réir mar a fhaigheann siad iad. Éascóidh an Fhoirm deimhniú ELB/ESA ar na héilimh seo bheith cláraithe ar na Foirmeacha Aistrithe ionas go mbeidh an t-eolas seo ar fáil d'iar-bhunscoileanna nuair a gheobhaidh siad na Foirmeacha Aistrithe laistigh den phróiseas iarratais.

Ba chóir a thuiscint nach ionann na hathruithe seo agus laghdú ar bith sa ról tábhachtach ba chóir do phríomhoidí bunscoile a ghlacadh maidir le comhairle, treoir agus cuidiú praiticiúil a thabhairt (m.sh. Foirmeacha Aistrithe a chur chuig na ELBanna) go cothrom do gach tuismitheoir maidir lena n-iarratais ar a gcuid roghanna iar-bhunscolaíochta uile.

Ciallaíonn na hathruithe a leagtar amach thuas go bhfuil leasuithe tábhachtacha ar Chuid 9 den Imlitir go háirithe. Léiríonn na hathruithe seo go bhfaighidh iar-bhunscoileanna Foirmeacha Aistrithe (ó 19 Márta, 2010) ina bhfuil deimhniú ELB/ESA ar éileamh tuismitheora ar chlárú FSME ar son a p(h)áiste. Ar mhaithe le critéir a chur i bhfeidhm, ba chóir d'iar-bhunscoileanna caitheamh leis na hiarratais atá deimhnithe ag ELB/ESA gur iarratasóirí cláraithe FSME iad agus leo sin amháin (agus machnamh déanta acu ar Chéim 2 den Phlean Gníomhaíochta atá sa Treoir Dualgais Fíorúcháin). Taobh amuigh de sin, léiríonn na leasuithe ar Chuid 9 na hathruithe seo go mion.

Mar gheall ar an athrú cur chuige seo, tá athruithe de dhíth fosta ar an treoir do phríomhoidí bunscoile ar eolas agus ar chomhairle do thuismitheoirí (Iarscríbhinn 2), athruithe ar an Fhoirm Aistrithe (Iarscríbhinn 3) agus athruithe ar an Treoir Dualgais Fíorúcháin (Iarscríbhinn 4). Ba chóir do scoileanna an aird chuí a thabhairt ar na hathbhreithnithe seo.

Taobh amuigh de sin, baineann na leasuithe leo siúd ar gá, mar gheall ar fhorbairtí ar bith a tharlaíonn ó 7 Meán Fómhair, 2009, a léiriú san Imlitir athbhreithnithe. Den chuid is mó, is é a bheas i gceist:

- leasuithe atá de dhíth de réir chumarsáid na Roinne ar 9 Samhain, 2009; (agus go háirithe an spriocdháta nua ar 4 Nollaig, 2009 maidir le leasuithe ar iontrálacha i Leabhráin Aistrithe na n-iar-bhunscoileanna)
- an áis chun Foirmeacha Aistrithe iar-bhunscolaíochta a chomhlánú i nGaeilge;
- athruithe ar an fhoclaíocht a mholann an Roinn do scoileanna atá ag úsáid na gCritéar FSME (a cuireadh in iúl do scoileanna cheana trí na ELBanna);
- agus athruithe ar an chuid den Imlitir (Cuid 11) a bhaineann le Cúinsí Eisceachtúla.

FOIREANN ROCHTANA SCOILE
AN ROINN OIDEACHAIS